



Doiciméad Comhairliúcháin: Dréacht-Ráiteas maidir le nós imeachta agus modheolaíocht le haghaidh an bhreithmheasa 3 bliana ar MSPanna, 2028-2030

Dáta foilsithe: 29 Meán Fómhair 2026
Spriocdháta le haghaidh freagartha: 10 Samhain 2026

Tá comhairliúchán sa doiciméad seo maidir le:

Dréacht-Ráiteas maidir le nós imeachta agus
modheolaíocht le haghaidh an bhreithmheasa 3
bliana, mar a shonraítear sa Bhille Craolacháin
(Leasú), 2026.

An Clár Ábhar

Réamhrá	4
Cuspóir an chomhairliúcháin	6
An comhthéacs reachtúil	7
An tAcht Craolacháin (arna leasú leis an mBille)	7
An Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán	9
Cuspóirí maidir le dearadh an Bhreithmheasa 3 Bliana	10
Maoiniú agus feidhmíocht na MSPanna a bhainistiú	11
Dúshlán choincheapúla	11
An éifeacht de réir a chéile a bhíonn ag maoiniú MSP agus 'cuasai-bhlíanachtaí'	12
Cuir chuige idirnáisiúnta	12
Brí a bhaint as na ceanglais reachtúla	14
A chumasú don chorparáid a cuspóirí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh	14
Neamhspleáchas eagarthóireachta MSP a chosaint	14
Na cuir chuige maoinithe a cuireadh san áireamh	16
Athbhreithniú ar bhonn nialasach	16
An próiseas <i>status quo</i>	17
Maoiniú de réir boilsciú	17
Maoiniú de réir boilsciú lúide éifeachtúlachtaí leis an bhféidearthacht maidir le hardú	18
Tagarmharcáil	18
Conclúid	18
An cur chuige maoinithe atá beartaithe agus gealltanais feidhmíochta	20
Catagóirí maoinithe	20
Measúnú a dhéanamh ar an gcás le haghaidh maoiniú méadaithe agus maoiniú aonuaire	21
BAU agus méadú mar chatagóirí maoinithe, ní mar ghníomhaíochtaí maoinithe	22
An breithiúnas is dual don phróiseas	22
Ceangal idir gealltanais feidhmíochta agus maoiniú	23
An fachtóir éifeachtúlachta 'X' a leagan síos	24
Cuir chuige idirnáisiúnta	24
Torthaí maoinithe idirnáisiúnta	25
Fachtóirí maidir le 'X' a shocrú do MSP in Éirinn	25
Conclúid	26
Gealltanais feidhmíochta	27
Cúrsaí sonracha sa Dréacht-Ráiteas	28
Úsáid faisnéise	29



Sonraí pearsanta	29
Faisnéis rúnda	29
Saoráil faisnéise	29
Iarscríbhinn 1 – Achoimre ar na ceisteanna comhairliúcháin	30
Iarscríbhinn 2 – Téacs roghnaithe ón mBille	31
Iarscríbhinn 3 – Airteagal 5 de chuid EMFA	36



Réamhrá

Is é Coimisiún na Meán (“an Coimisiún”) gníomhaireacht na hÉireann atá freagrach as tírdhreach na meán atá faoi bhláth, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a fhorbairt agus a rialáil..

Leagann an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán (EMFA) coimircí síos le haghaidh feidhmiú neamhspleách soláthraithe meán seirbhíse poiblí (“MSPanna”).¹ Le hAirteagal 5, éilítear go mbeidh nósanna imeachta maoinithe bunaithe ar chritéir thrédhearcacha oibiachtúla a leagfar síos roimh ré, agus go ráthófar acmhainní airgeadais leordhóthanacha, inbhuanaithe agus intuatha lena gcomhfhreagrófar dá sainchúraim seirbhíse poiblí, agus neamhspleáchas eagarthóireachta á chosaint ag an am céanna.

Leis an mBille Craolacháin (Leasú) 2026 (“an Bille”) cuirtear Airteagal 5 i bhfeidhm in Éirinn. Tugtar éifeacht leis freisin do mholtaí ábhartha ó Choimisiún um Thodhchaí na Meán (FoMC).²

Tá an tOireachtas i mbun machnaimh faoi láthair ar an mBille.³ Leagtar amach sa Bhille, i measc nithe eile, ceanglais nua maidir le cinntí a bhaineann le maoiniú soláthraithe meán seirbhíse poiblí na hÉireann, RTÉ agus TG4. Go háirithe, tugtar ailt 112A go 112F isteach leis an mBille, a cheanglaíonn ar an gCoimisiún tabhairt faoi bhreithmheas ar mhaoiniú agus ar fheidhmíocht na MSPanna gach trí bliana, lena n-áirítear cinneadh maidir le gealltanais feidhmíochta sna 3 bliana amach romhainn. Iarrtar freisin ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire ina mbeidh moladh maidir le maoiniú iomchuí ar feadh na tréimhse.

Ceanglaítear leis an mBille ar an gCoimisiún Ráiteas maidir le nós imeachta agus modheolaíocht (an “Ráiteas”) a thabhairt i gcrích agus a ghlacadh tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir 2027.⁴ Roimhe sin, ceanglaítear freisin ar an gCoimisiún dul i gcomhairle maidir le dréacht den Ráiteas (“an Dréacht-Ráiteas”). Leagtar amach an comhairliúchán sin sa doiciméad seo.

Tá an Coimisiún ar an eolas go bhfuil an Bille fós á bhreithniú ag an Oireachtas agus go bhféadfadh an tOireachtas leasuithe a dhéanamh ar na forálacha ábhartha. Mar sin féin, mar rud praiticiúil, má bhíonn an Coimisiún in ann bailchríoch a chur ar an Ráiteas i mí Eanáir, agus dóthain ama tugtha aige do pháirtithe leasmhara barúil a thabhairt, agus dóthain ama don Choimisiún a bheith in ann breithniú iomlán a dhéanamh ar aiseolas na bpáirtithe leasmhara agus na leasuithe is gá a dhéanamh ar an Dréacht-Ráiteas, ansin ní mór tús a chur leis an gcomhairliúchán faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair 2026.

Tá an doiciméad seo, agus an Dréacht-Ráiteas maidir le nós imeachta agus modheolaíocht a bhaineann leis, dréachtaithe ar bhonn théacs reatha an Bhille. Déanfaidh an Coimisiún dlúthfhaire ar dhul chun cinn an Bhille go dtí go n-achtófar é agus cuirfidh sé aon athruithe sa leagan deiridh

¹ Tháinig EMFA i bhfeidhm an 7 Bealtaine 2024. Tháinig formhór a fhorálacha i bhfeidhm an 8 Lúnasa 2025

² Áirítear leis moltaí 5–1, 5–3, 8–2 agus 8–3, a bhaineann le córas níos éifeachtaí chun feidhmíocht agus maoiniú soláthraithe MSP a mheasúnú.

³ Tá stádas reatha an Bhille agus an téacs iomlán ar fáil ar <https://www.oireachtas.ie/ga/bills/bill/2026/54/>

⁴ ‘Tráth nach déanaí ná 5 mhí roimh an dáta chun tuarascáil an Choimisiúin a chur isteach’, agus caithfear cloí go docht leis an dáta sin, agus a bheidh le cur isteach dá bhrí sin faoin 30 Meitheamh 2027.



san áireamh sula ndéanfaidh sé aon chinneadh maidir leis an Dréacht-Ráiteas. Is iad na hailt 112A go 112F na forálacha oibríochtúla a bhaineann leis an mbreithmheas 3 bliana. Sa doiciméad seo agus sa Dréacht-Ráiteas, aon tagairtí a dhéantar don “Acht” is tagairtí iad don Acht Craolacháin, toisc go ndéanfaí é a leasú le hachtú an Bhille.

Tá dhá chuid ag baint leis an gcomhairliúchán seo:

- An doiciméad seo, ina dtugtar an comhthéacs; ina mínítear roinnt de na cinntí dearaidh atá leabaithe sa Dréacht-Ráiteas; ina leagtar amach na ceisteanna a lorgaíonn an Coimisiún tuairimí na bpáirtithe leasmhara ina leith, agus ina sonraítear conas freagra a thabhairt
- An Dréacht-Ráiteas ina leagtar amach an nós imeachta agus an mhodheolaíocht iomlán atá beartaithe, agus a d'fhéadfadh bunús a leagan síos (b'fhéidir) le haghaidh Breithmheasanna 3 Bliana amach anseo, cé go bhfuil an Coimisiún chun dul i gcomhairle maidir lena chur chuige ag tús gach timthrialla agus é a athchinneadh



Cuspóir an chomhairliúcháin

Cuirtear fáilte sa chomhairliúchán seo roimh thuairimí maidir le Dréacht-Ráiteas an Choimisiúin maidir le nós imeachta agus modheolaíocht le haghaidh an bhreithmheasa 3 bliana ar MSPanna, 2028–2030.

Is é cuspóir an chomhairliúcháin seo léiriú a thabhairt ar an gcaoi atá sé beartaithe ag an gCoimisiún tabhairt faoin mbreithmheas agus chun tuairimí na bpáirtithe leasmhara a lorg maidir leis an gcur chuige sin. Ba cheart do fhreagróirí a thabhairt ar aird nár cheart aon cheann de na tuairimí a léirítear sa chomhairliúchán seo a chur san áireamh mar fhasach le haghaidh tuairimí a d'fhéadfaí a ghlacadh i ndáil le haon bhreithmheas 3 bliana ina dhiaidh seo a chuirfear san áireamh. Beidh an chomhairliúchán ar oscailt ar feadh sé seachtaine ar a laghad.

Cuireann an Coimisiún fáilte roimh ionchur páirtithe leasmhara maidir leis na cineálacha cur chuige atá beartaithe. Páirtithe leasmhara a thacaíonn nó a easaontaíonn le haon ghné de mholtaí an Choimisiúin, iarrtar orthu breac-chuntas soiléir a thabhairt ar na cúiseanna atá acu lena dtuairimí, agus aird a bheith acu ar an gcomhthéacs dlíthiúil in éineacht le haon nithe eile a mheasann páirtithe leasmhara a bheith ábhartha.

Ba cheart gach aighneacht don chomhairliúchán seo a chur isteach i scríbhinn faoin 10 Samhain 2026 chuig psmpublic@cnam.ie nó tríd an bpost chuig Ráiteas maidir le Nós Imeachta agus Modheolaíocht, Coimisiún na Meán, 1 Áras Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04 NP20. Ba cheart na sonraí teagmhála sin a úsáid le haghaidh aon cheisteanna i leith an chomhairliúcháin seo. Breithneoidh an Coimisiún gach aighneacht a gheofar an 10 Samhain 2026 nó roimhe sin.

Agus aird ar na haighneachtaí sin, cuirfidh an Coimisiún bailchríoch ar an Ráiteas maidir le nós imeachta agus modheolaíocht faoin 31 Eanáir 2027.



An comhthéacs reachtúil

An tAcht Craolacháin (arna leasú leis an mBille)

Cuirtear athchóiriú i gcoitinne i bhfeidhm ar mheáin seirbhíse poiblí na hÉireann leis an Acht. I measc nithe eile, déantar nuashonrú leis ar an gcreat rialachais le haghaidh RTÉ agus TG4; tugtar isteach creat nua reachtúil le haghaidh Choimisiún na Meán chun breithmheas a dhéanamh ar riachtanais agus ar fheidhmíocht na meán seirbhíse poiblí; agus cuirtear gnéithe den Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán chun feidhme leis, go háirithe cosaintí maidir le neamhspleáchas, sainchúram agus maoiniú inbhuanaithe na meán seirbhíse poiblí.

Dirítear sa chomhairliúchán seo ar Alt 112 A-F den Acht,⁵ ina leagtar amach na ceanglais le haghaidh breithmheasanna 3 bliana ar na MSPanna. Eascraíonn cinntí sa deireadh thiar as na hathbhreithnithe sin maidir le maoiniú, gealltanais feidhmíochta agus straitéisí MSP lena rialófar na trí bliana ina dhiaidh sin.

Tá an breithmheas 3 bliana roinnte idir céim dheartha agus céim forghníomhaithe. Sa chéim dheartha, tá an Coimisiún chun nós imeachta a mholadh le haghaidh na rudaí seo a leanas: measúnú a dhéanamh ar airgeadas réamh-mheasta MSP; measúnú a dhéanamh ar ghealltanais feidhmíochta; agus an dá rud a nascadh, in aghaidh ceanglais a bhfuil tuairisc níos mionsonraithe orthu thíos. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle maidir le dréacht den nós imeachta seo sula gcuirfear bailchríoch air – arb é cuspóir an doiciméid seo é.

Sa chéim forghníomhaithe, déanfaidh an Coimisiún forghníomhú ar an bpróiseas a leanfaidh as an gcéim dheartha. Cuirfidh na MSPanna réamhaisnéisí airgeadais isteach, na gealltanais feidhmíochta atá beartaithe agus ábhar eile a shonróidh an Coimisiún. Bunaithe ar na hionchuir sin agus ar a anailís féin, cinnfidh an Coimisiún na gealltanais feidhmíochta deiridh do na MSPanna, agus déanfaidh sé moladh maidir le maoiniú don Aire. Is faoin Aire a bheidh sé ansin freagra a thabhairt ar thuarascáil an Choimisiúin. I bhfianaise an fhreagra sin agus na ngealltanais feidhmíochta arna gcinneadh ag an gCoimisiún, déanfaidh gach MSP ráiteas straitéise.

Is iad seo a leanas príomhchéimeanna na céime maidir le breithmheas a dhéanamh agus tráth a ndéanta, mar a shonraítear san Acht:

⁵ Tá téacs na n-alt sin de réir mar atá siad sa Bhille ar fáil in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an doiciméad seo



Uainiú Táscach	Ó	Go dtí	Inneachar	Alt
5 mhí roimh an tuarascáil Breithmheasa (Deireadh mhí Eanáir)	An Coimisiún		[An Ráiteas maidir le nós imeachta agus modheolaíocht a ghlacadh]	112B 112A (2) (b)
Taobh istigh de 3 mhí (Deireadh mhí Aibreáin)	MSPanna	An Coimisiún	• Réamhaisnéis caiteachais 3 bl. • Maoiniú nach maoiniú poiblí é • Gealltanais feidhmíochta/méadrachtaí beartaithe • ‘Nithe eile sonraithe’	112C 112A (2) (c)
30 Meitheamh	An Coimisiún	An tAire	Le cur sa tuarascáil: • Moltaí maidir le maoiniú • Gealltanais feidhmíochta/méadrachtaí arna gcinneadh	112D, 112E 112A (2) (e) 112A (4)
	An tAire	An Rialtas	Cuirtear tuarascáil an Choimisiúin isteach	112 A (3) (a)
	An Rialtas	[An Pobal]	Freagra an Rialtais ar an tuarascáil	112 A (3) (b)
Taobh istigh de 6 mhí ón lá a chuirtear tuarascáil an Choimisiúin isteach	MSPanna	An tAire	Ráiteas straitéise, bunaithe ar mhaoiniú molta an Choimisiúin agus freagra agus gealltanais an rialtais	112F (1)
‘A luaithe is féidir’	An tAire	An tOireachtas	Ráitis arna gcur faoi bhráid an Oireachtais	112F (7)

I gcomparáid leis an bpróiseas athbhreithnithe 5 bliana roimhe sin,⁶ tá an breithmheas 3 bliana difriúil ar roinnt bealaí tábhachtacha (le cois iad a bheith bunaithe ar thimthriall 3 bliana). Áirítear an méid seo a leanas leis sin:

- ‘Réamhdhearadh’ an athbhreithnithe, lena n-áirítear comhairliúchán maidir leis an gcur chuige
- Cumhacht an Choimisiúin maidir le gealltanais feidhmíochta a chinneadh
- Ceangal níos láidre idir gealltanais feidhmíochta agus maoiniú
- Cumhacht an Choimisiúin maidir le formáidí aighneachtaí a shonrú
- Béim níos mó ar neamhspleáchas eagarthóireachta
- Cuirtear bailchríoch ar straitéisí MSP i bhfianaise an chinnidh maoinithe
- Ceanglaítear ar an Rialtas freagra a thabhairt ar thuarascáil an Choimisiúin

⁶ Féach Alt 124(8) d’Acht Craolacháin 2009



Cé go bhfuilimid ag díriú sa doiciméad seo agus sa Dréacht-Ráiteas araon ar an mbreithmheas 3 bliana, bunaítear athbhreithnithe bliantúla freisin leis an Acht, agus luaitear ann go mbeidh aird acu sin ar an nós imeachta agus ar an modheolaíocht a úsáidfear sna breithmheasanna 3 bliana (112G(4)(b)).

An Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán

Tá an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán (EMFA), a ritheadh an 11 Aibreán 2024, ábhartha freisin.⁷ Luaitear in Airteagal 5 (GESM5):

“Áiríteoidh na Ballstáit gur ar chritéir thrédhearcacha agus oibiachtúla a leagfar síos roimh ré a bheidh na nósanna imeachta cistiúcháin le haghaidh na soláthraithe meán seirbhíse poiblí bunaithe. Leis na nósanna imeachta cistiúcháin sin, ráthófar go mbeidh acmhainní airgeadais leordhóthanacha, inbhuanaithe agus intuartha ag na soláthraithe meán seirbhíse poiblí lena gcomhfhreagrófar do chomhlíonadh a sainchúraim seirbhíse poiblí agus dá gcumas forbartha faoi chuimsiú an tsainchúraim sin. Beidh na hacmhainní airgeadais sin amhlaidh chun go gcosnófar neamhspleáchas eagarthóireachta na soláthraithe meán seirbhíse poiblí.”

⁷ [*Rialachán \(AE\) 2024/1083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024*](#)



Cuspóirí maidir le dearadh an Bhreithmheasa 3 Bliana

Má tá modheolaíocht dhea-cheaptha ann le haghaidh an bhreithmheasa 3 bliana, creidimid go mbeidh sé:

- Comhoiriúnach le le rún beartais an Bhille agus EMFA
- Praiteiciúil, agus go mbeidh sé indéanta go háirithe taobh istigh den am a cheadaítear d'obair an Choimisiúin agus na MSPanna
- Ag cinntiú go mbainfear úsáid stuama agus éifeachtach as cistí poiblí, agus i gcás inarb iomchuí go mbeidh sé comhsheasmhach le treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digiúcháin ("DPER")
- Ag cinntiú go soláthraíonn MSPanna luach poiblí do lucht féachana agus éisteachta na hÉireann
- Ag tabhairt deis do na MSPanna an cás is fearr a dhéanamh le haghaidh aon ardaithe maoinithe
- Ag tabhairt moltaí maoinithe a bhfuil údar maith leo don Aire
- Ag cruthú dreasachtaí cuí do na MSPanna, agus ag cinntiú go mbeidh tionchar ag na gealltanais feidhmíochta
- Ag cosaint neamhspléachas eagarthóireachta na MSPanna
- Intuartha i gcoitinne, ach go mbeifear in ann é a chur in oiriúint do mhóráthruithe / d'fhorbairtí margaidh
- Ag íoslaghdú an ualaigh rialála ar na MSPanna, agus an ualaigh riaracháin ar an gCoimisiún

Ceist 1: An aontaíonn tú gur leor é an tacar saintréithe sin le haghaidh breithmheas 3 bliana atá dea-dheartha?



Maoiniú agus feidhmíocht na MSPanna a bhainistiú

Sa roinn seo leagaimid amach roinnt saincheistanna coincheapúla maidir le leibhéil mhaoinithe agus feidhmíocht MSPanna a bhainistiú, agus tabharfar tuairisc ghearr ar an gcaoi a láimhseáiltear iad i dtíortha eile.

Dúshlán choincheapúla

Ní mór na dúshlán speisialta a bhaineann le maoiniú agus feidhmíocht na MSPanna a chur san áireamh i gcur chuige an Choimisiúin maidir leis an mbreithmheas 3 bliana. Áirítear an méid seo a leanas leis sin:

An teannas idir maoirseacht agus neamhspleáchas eagarthóireachta

Tacaítear leis na MSPanna trí mhaoiniú poiblí suntasach (bíodh sin trí tháille cheadúnais nó trí chánachas ginearálta). Tá maoirseacht an Rialtais, agus cuntasacht dhaonlathach dá réir sin, dosheachanta dá bhrí sin – mar atá i gcás aon chomhlacht poiblí.

Mar sin féin, ní mór do MSPanna a bheith neamhspleách ó thaobh eagarthóireachta de freisin. Cuid dá ról is ea a chinntiú go bhfuil rialtas an lae freagrach, go ndéanfaidh sé ionadaíocht ar an náisiún seachas ar leasanna áirithe, agus mar sin de. Léirítear an ceanglas sin maidir le neamhspleáchas san Acht Craolacháin⁸ agus in GESM5 araon.

Ní hamháin go mbaineann an neamhspleáchas sin go díreach le hábhar na gclár aonair, baineann sé freisin le cinntí amhail an meascán seánra. Is cúrsaí iad sin go ginearálta do bhainistíocht MSP, bíodh is go bhfuil siad freagrach as a gcuid roghanna.

Dá bhrí sin, ní mór don chur chuige maidir leis an mbreithmheas 3 bliana tacú le maoirseacht agus cuntasacht iomchuí agus cúngú iomarcach ar an neamhspleáchas eagarthóireachta a sheachaint ag an am céanna, go háirithe trí chinntí maoinithe atá spreagtha ag cúrsaí polaitíochta nó trí ghealltanais feidhmíochta atá ró-ordaitheach.

Deacracht maidir leis an luach a sheachadtar a mheas

Tá méadrachtaí cáilíochta follasacha ag cuid mhaith seirbhísí poiblí agus is féidir iad a rianú – rátaí braite na coireachta, liostaí feithimh othar, caighdeán uisce agus mar sin de. Bíonn na méadrachtaí le haghaidh MSP níos éiginnte go minic. Cuir i gcás, *d'fhéadfadh* an sciar amhairc níos airde a bheith rathúil, ach ní bheidh sé amhlaidh má sheachadtar é tríd an sceideal a dhíriú ar iompórtálacha idirnáisiúnta saora a d'fhéadfadh craoltóirí tráchtála a chur ar fáil.

An deacracht maidir le héifeachtúlacht a mheas

Tá fiordhúshlán ag baint freisin lena chinneadh cibé an bhfuil MSP éifeachtúil. Bíonn an úsáid a bhaintear as méadrachtaí simplí teoranta go minic. Cuir i gcás, is rud áisiúil é rianú a dhéanamh ar an gcostas in aghaidh an amharcóra in aghaidh na huaire (“CPVH”) le himeacht ama le haghaidh MSP áirithe. Ach ní dóigh go mbeidh sé fiúntach tagarmharcáil a dhéanamh idir MSPanna ar an mbonn sin. Mar shampla, beidh costas níos airde in aghaidh an amharcóra in aghaidh na huaire i gcónaí ag TG4 ná mar a bheidh ag RTÉ díreach mar gheall go bhfuil sé ag díriú ar phobal i bhfad níos cúinge. An t-

⁸ Féach mar shampla Alt 98 agus Alt 112E (1) (b) (ii)



aon bhealach praiticiúil a bhíonn ann go minic tuiscint a fháil ar éifeachtúlacht ná trí athbhreithniú cruinn, beacht a dhéanamh ar ghnéithe aonair d'oibríochtaí MSP.

Le chéile, ciallaíonn na dúshláin sin nach bhfuil bealach simplí ann chun measúnú a dhéanamh ar an luach ar airgead a bhaineann le MSP. Dá réir sin, ní dóigh go bhfuil bealach meicníoch ann chun an maoiniú 'ceart' a chinneadh le haghaidh MSP.

An éifeacht de réir a chéile a bhíonn ag maoiniú MSP agus 'cuasai-bhlíanachtaí'

Gné thábhachtach eile nach mór a chur san áireamh maidir le cinntí maoinithe MSP ná an éifeacht de réir a chéile a bhaineann le maoiniú méadaithe – tá sé níos éasca maoiniú a mhéadú ná mar atá sé é a laghdú. Tá roinnt cúiseanna leis sin:

- Má úsáidtear maoiniú méadaithe le haghaidh seirbhís nua, d'fhéadfadh lucht éisteachta agus lucht féachana diúltú tarraingt siar as an tseirbhís sin (agus tá roinnt mhaith cásanna de MSPanna arbh éigean dóibh géilleadh do tharraingt siar as seirbhís mholta, cosúil le seirbhís fadtoinne RTÉ, agus Radio 6 Music BBC)
- D'fhéadfadh ceanglais GESM5 le haghaidh maoiniú inbhuanaithe agus intuartha agus argóintí ar son neamhspleáchas eagarthóireachta oibriú in aghaidh laghduithe maoinithe
- D'fhéadfadh soláthraithe (cosúil le léiritheoirí neamhspleácha) a bheith ina bpáirtithe leasmhara sa mhaoiniú méadaithe, agus diúltú do laghduithe
- Má úsáidtear maoiniú chun an líon foirne a mhéadú, d'fhéadfadh dúshlán a bheith i gceist leis na huimhreacha sin a laghdú níos déanaí

Ciallaíonn sé sin go bhféadfaí 'cuasai-bhlíanachtaí' a dhéanamh de mhéaduithe maoinithe. Is é sin, go léiríonn siad sa chleachtas gealltanais maidir le maoiniú fadtéarmach ar an leibhéal sin. D'fhéadfadh costas mór a bheith le blianachtaí. Cuir i gcás, bunaithe ar mhodheolaíocht chaighdeánach DPER,⁹ nuair a dheonaítear blianacht €5m a théann i méid de réir mar a théann boilsciú i méid, bíonn costas reatha coibhéiseach (aonuaire) de €162.5 milliún ag gabháil leis.¹⁰ Is suim shubstaintiúil é sin agus ní mór grinnscrúdú dáiríre a dhéanamh air.

Anuas air sin, tugann sé sin le fios go bhféadfadh sé nach bhfuil ach baint teoranta ag an úsáid ghearrthéarmach a bhaintear as méadú ar mhaoiniú le measúnú a dhéanamh ar na fiúntais atá le méadú den sórt sin. Mar shampla, má thug MSP le fios go raibh sé i gceist aige an méadú €5m a úsáid chun (cuir i gcás) léiriú drámaí Éireannacha a mhéadú as seo go ceann trí bliana, ansin léireodh sé sin díreach €15m¹¹ den chostas €162.5m beartaithe. Bheadh an chuid eile den chaiteachas le cinneadh ag an MSP níos déanaí – agus gá leis sin, ag glacadh leis an neamhspleáchas eagarthóireachta.

Cuir chuige idirnáisiúnta

Is dúshláin choitianta iad na dúshláin sin i measc meáin seirbhíse phoiblí san Eoraip.

⁹ DPER, [*Central Technical Appraisal Parameters - Discount Rate, Time Horizon, Shadow Price of Public Funds and Shadow Price of Labour*](#), mí Dheireadh Fómhair 2018 (doiciméad i mBéarla amain)

¹⁰ Tá plé níos mionsonraithe ar ríomh na blianachta ar fáil sa Dréacht-Ráiteas

¹¹ Sin luacháil shimplithe, gan lascainiú déanta air, agus gan scáthphraghas cistí poiblí á chur san áireamh ach an oiread



Ní heol dúinn aon tír Eorpach eile a fhéachann le luach MSP a chainníochtú go díreach. Bhain an BBC leas tráth as creat ‘géill-luacha’, bunaithe ar shuirbhéanna maidir le tuairim lucht féachana maidir le luach, ach níor bhain sé leas as sin le roinnt blianta anois. Sa chleachtas baineann rialtais agus rialtóirí leas as ciseán beart chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht.

Cé gur rud comónta é sin chun monatóireacht a dhéanamh ar roinnt mhaith seirbhísí poiblí, ní thacaíonn sé le cur chuige meicníoch i leith cinntí maoinithe – ní féidir le haon fhoirmle a bheith ann atá in ann measúnú a dhéanamh ar an ‘maoiniú is fearr’, mura bhfuil bealach praiticiúil ann chun measúnú a dhéanamh ar fhiigiúr luacha.

Glacann rialtais agus rialtóirí Eorpacha raon cuir chuige i leith cinntí a bhaineann le maoiniú MSP, lena n-áirítear:

- *Socruithe a ndéantar idirbheartaíocht orthu idir MSP agus an rialtas.* I measc samplaí de sin tá MSPanna sa Fhrainc (COMs - contrat d'objectifs et de moyens) agus EITB i réigiún na mBascach sa Spáinn (an contrato-programa). Cinneann Airí leibhéil mhaoinithe i bhfianaise gealltanas arna ndéanamh ag MSPanna¹²
- *Anailís faoi thionchar costais ar MSP.* Sa Ghearmáin, déanann an KEF (sainchoimisiún neamhspleách) measúnú mionsonraithe ar chonairí costais MSPanna agus molann sé go ndéanfaí athruithe ar an Rundfunkbeitrag (an táille chraolacháin teaghlaigh). Mar sin féin, ní mór do pharlaimintí na 16 Länder sa Ghearmáin, nó na stáit, an moladh a dhaingniú
- *Ceangal a dhéanamh le boilsciú.* Sa tSualainn, chinn an Riksdag socrú maoinithe ocht mbliana, á threorú ag ionchais leithne maidir le boilsciú ginearálta agus éifeachtúlachtaí MSP. Ba ghnách innéacsú a dhéanamh le haghaidh boilsciú sa chuid den Bheilg ina labhraítear Francis agus san Fhionlainn, cé go ndearna rialtais reatha sa dá tír maoiniú a reo le déanaí i dtéarmaí ainmniúla

Is annamh a tharlaíodh méaduithe ábhartha i dtéarmaí réadacha ar mhaoiniú MSP san Eoraip. Cé is moite de TG4, is iad na samplaí is mó ná EITB agus CCMA sa Spáinn. Sa dá chás sin, tharla na méaduithe mar gheall ar obair a bhí faoi stiúir an rialtais go díreach leis na MSPanna chun beartas a chur chun feidhme, agus as sin a tháinig socrú caibidlithe. I bhfocail eile, níl aon mhodh rialála ar fasach soiléir é chun measúnú a dhéanamh ar mhéaduithe beartaithe ar mhaoiniú MSP.

Ceist 2: An gcreideann tú gur ann do phróisis chun maoiniú MSP iomchuí atá in úsáid i dtíortha eile a chinneadh, ar próisis iad a bheadh mar shamhail ábhartha d'Éirinn, i bhfianaise chomhthéacs reachtúil agus margaidh na hÉireann?

¹² Sna socruithe sin bíonn maoiniú ag brath go ginearálta ar chead parlaiminte rialta, agus dá bhrí sin d'fhéadfadh sé nach bhfaighfí an maoiniú a ghealltar – faoi mar a tharla sa Fhrainc, mar shampla



Brí a bhaint as na ceanglais reachtúla

Leagtar amach gné lárnach den Acht in alt 112E (1) (b), ina sonraítear go ndéanfar na rudaí seo a leanas leis an tuarascáil ar an mbreithmheas 3 bliana:

“molfar an leibhéal maoinithe faoi alt 123 le haghaidh caiteachas reatha, agus an leibhéal maoinithe faoi alt 123 le haghaidh caiteachas caipitiúil, a mheasann an Coimisiún gur gá i ngach ceann de na blianta breithmheasa—

- (i) chun a chumasú don chorparáid a cuspóirí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh, agus
- (ii) chun neamhspleáchas eagarthóireachta na corparáide a chosaint”

(Is maoiniú poiblí atá i gceist le hAlt 123 go bunúsach, seachas ioncam tráchtála MSP).

In éineacht leis sin, luaitear in GESM5:

“leis na nósanna imeachta cistiúcháin sin, ráthófar go mbeidh acmhainní airgeadais leordhóthanacha, inbhuanaithe agus intuatha ag na soláthraithe meán seirbhíse poiblí lena gcomhfhreagrófar do chomhlíonadh a sainchúraim seirbhíse poiblí agus dá gcumas forbartha faoi chuimsiú an tsainchúraim sin. Beidh na hacmhainní airgeadais sin amhlaidh chun go gcosnófar neamhspleáchas eagarthóireachta na soláthraithe meán seirbhíse poiblí.”

Leagaimid amach anseo an chaoi ar chuireamar an dá thástáil san Acht san áireamh.

A chumasú don chorparáid a cuspóirí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh

Chuireamar sonraíocht Alt 112E (1) (b) maidir leis an maoiniú is gá san áireamh chun ‘[MSP] a chumasú lena chuspóirí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh’ in éineacht le dhá alt eile.

Ceanglaítear le hAlt 112B(1)(d) go gcuirfí san áireamh sa Ráiteas maidir le nós imeachta agus modheolaíocht leibhéal maoinithe poiblí reatha MSP.

Ceanglaítear le hAlt 114(3)(a) go dtabharfadh sceidil RTÉ:

“réimse cuimsitheach clár ... [ina] mbeidh cláir lena gcuirtear siamsa, eolas agus oideachas ar fáil, lena gcuirtear tuairisciú ar ghníomhaíochtaí spóirt, reiligiúin agus cultúir ar fáil agus lena bhfreastalaítear ar ionchais an phobail i gcoitinne”

(I gcás TG4, tá teanga chomhthreomhar in Alt 118(3)(a)).

Nuair a thógtar le chéile iad, bunaítear leis na hailt sin maoiniú reatha agus ionchais an lucht féachana mar phointí tagartha tábhachtacha chun measúnú a dhéanamh ar mhaoiniú chun na cuspóirí poiblí a chomhlíonadh.

Ní thugann aon chuid de sin le fios go bhfuil ceart buan ag MSPanna ar mhaoiniú ag na leibhéil reatha. Mar sin féin, ceist don Oireachtas a bheadh in athrú radacach, seachas don Choimisiún le moladh.

Neamhspleáchas eagarthóireachta MSP a chosaint

Smaoinimid anseo ar an mbaint atá ag neamhspleáchas eagarthóireachta le maoiniú, ach tugaimid ar aird go bhfuil sásraí eile ann faoin bhféadfadh sé tarlú go gcuirfí neamhspleáchas eagarthóireachta i mbaol.



An bealach is follasaí ina bhféadfaí maoiniú a úsáid chun dul i bhfeidhm ar neamhspleáchas eagarthóireachta ná dá laghdófaí maoiniú mar bhealach chun pionós a chur ar MSP as cumhdach nár thaitin le rialtas an lae (nó os a choinne sin, go méadófaí maoiniú mar luach saothair as cumhdach fabhrach). Bhí imní mhór faoi úsáid den sórt sin a bhaint as maoiniú mar chuid den idirbheartaíocht Eorpach le déanaí ar neamhspleáchas eagarthóireachta MSP.

(Tabhair ar aird go bhfuil cúis tábhachtach anseo. Ní hé an laghdú féin ar mhaoiniú a bhfuil fadhb leis. Ní tharraingeofaí ceisteanna anuas maidir le neamhspleáchas eagarthóireachta, cuir i gcás, le laghdú ar mhaoiniú i gcomhthéacs géarchéim airgeadais náisiúnta).

I bhfianaise an chúlra sin, creidimid go gcinnteoidh na prionsabail seo a leanas nach dtéann moltaí maoinithe an Choimisiúin i bhfeidhm ar neamhspleáchas eagarthóireachta:

- Ba cheart maoiniú reatha a choinneáil (faoi réir toimhdí éifeachtúlachta cobhsaí agus coigeartuithe teicniúla áirithe eile)
- Níor cheart maoiniú méadaithe a sholáthar ach amháin in aghaidh ardú a bhfuil coinne leis ar fheidhmíocht, agus é fréamhaithe sna cuspóirí poiblí agus in ionchais an lucht féachana

Maolóidh cur chuige maoinithe atá bunaithe ar na prionsabail sin an baol go n-úsáidfí an maoiniú mar phionós nó mar luach saothair polaitiúil. Tá sé comhoiriúnach freisin leis an gceanglas in GESM5 “go mbeidh acmhainní airgeadais inbhuanaithe agus intuartha ann lena gcomhfhreagrófar do chomhlíonadh a sainchúraim seirbhíse poiblí agus dá gcumas forbartha faoi chuimsiú an tsainchúraim sin.”



Na cuir chuige maoinithe a cuireadh san áireamh

Nuair a bhítear i mbun machnaimh ar an gcur chuige is fearr maidir le moltaí maoinithe a leagan síos, chuireamar roinnt modheolaíochtaí féideartha san áireamh:

- Athbhreithniú ar bhonn nialasach
- An próiseas maidir leis an *'status quo'*
- Maoiniú de réir boilsciú
- Maoiniú de réir boilsciú lúide éifeachtúlachtaí lena mbaineann féidearthacht maidir le hardú
- Tagarmharcáil

Déanaimid cur síos anseo ar na roghanna sin agus ár measúnú orthu.

Breithnímid oiriúnacht na roghanna sin le haghaidh moltaí maoinithe an bhreithmheasa 3 bliana sa 'ghnáthchúrsa'. Mar sin féin, tá cinntí maoinithe áirithe lasmuigh den phróiseas le haghaidh breithmheas 3 bliana. Mar shampla:

- D'fhéadfadh rialtas cinneadh a dhéanamh mar rún beartais maoiniú MSP a laghdú, nó d'fhéadfaí cinneadh a dhéanamh maoiniú a mhéadú trí (cuir i gcás) sprioc a leagan síos gur cheart don mhaoiniú comparadóir náisiúnta nó idirnáisiúnta a mheaitseáil
- D'fhéadfadh seirbhís nua MSP a dteastódh maoiniú breise uaidh toiliú a fháil faoi phróiseas Alt 103
- D'fhéadfadh an Rialtas formhuiniú a thabhairt do phróisis eile a bhfuil impleachtaí maoinithe acu (cosúil leis na moltaí maidir le Nuacht TG4 a rinne an Coimisiún um Thodhchaí na Meán)

Ní hé ról mholadh an bhreithmheasa 3 bliana teacht in áit cinntí maoinithe den sórt sin, cé go gcaithfear na himpleachtaí a bheidh acu do mhaoiniú a léiriú i moltaí maoinithe a dhéanfaidh an Coimisiún ina dhiaidh sin.

Athbhreithniú ar bhonn nialasach

Is 'athbhreithniú ar bhonn nialasach' an chéad mhodheolaíocht, agus ní dhéantar talamh slán d'aon ghné den mhaoiniú reatha leis. D'fhéadfadh sé sin a bheith bunaithe ar athbhreithniú seirbhíse ar an luach ar airgead atá ag seirbhísí éagsúla, agus bearta cainníochtúla (cosúil leis an gcostas in aghaidh an amharcóra in aghaidh na huaire) agus fachtóirí cáilíochtúla araon (cosúil le luach poiblí an ábhair) á gcur san áireamh. D'fhéadfaí costais sa todhchaí a chur san áireamh ansin, glan ar ioncam tráchtála gach seirbhíse sa todhchaí.

I gcás, ina bhreithiúnas, gur bhain an Coimisiún de thátal as go raibh MSP ag baint leas as a mhaoiniú i gcomhair seirbhísí a léirigh drochluach ar airgead, d'fhéadfadh sé laghdú ar mhaoiniú a mholadh. Os a choinne sin, má léiríodh luach ard ar airgead le seirbhísí áirithe, ansin d'fhéadfaí maoiniú breise a mholadh chun tacú le hinfheistíocht sna seirbhísí sin amach anseo. (Mar sin féin, faoin MSP a bheadh sé sa deireadh thiar a chinneadh conas a chaithfí an t-airgead).



Is cur chuige cuimsitheach é sin, agus tugtar grinnschrúdú leis ar éifeachtúlacht leithdháilte MSP¹³ agus ní dhéantar talamh slán den *status quo* leis. Baineann dúshlán mhóra leis áfach:

- Tá sé thar a bheith dian ar shaothar, do na MSPanna agus don Choimisiún araon
- Ní dóigh go bhfuil sé indéanta san am atá ar fáil don bhreithmheas 3 bliana
- Tá dúshlán mór ag baint le luach seirbhísí MSP a thomhas, agus (a mhéid is eol dúinn) ní fhéachann aon tír Eorpach le cuid rialta dá struchtúr rialála MSP a dhéanamh de sin
- D'fhéadfadh sé nach soláthrófaí intuarthacht leis

An próiseas *status quo*

Is é an cur chuige ó na hathbhreithnithe cúig bliana roimhe seo go ndearna MSPanna tairiscintí ar mhaoiniú méadaithe bunaithe ar cibé cás is láidre, dar leosan. Tháinig athrú dá bhrí sin ó athbhreithniú go chéile ar an bpróiseas measúnaithe agus bhí gá leis an athrú sin, ionas go mbeadh sé freagrúil do leagan amach na dtairiscintí MSP a rinneadh. Rinneadh talamh slán de ghníomhaíochtaí atá ann cheana den chuid is mó.

Tá buntáistí leis an gcur chuige sin ó thaobh solúbthachta agus cleachtaidh de. Mar sin féin, ní chreidimid go bhfuil sé comhoiriúnach leis an Acht leasaithe. Mar shampla, ní cheanglaíonn sé go sainráite caiteachas le gealltanais feidhmíochta, ná ní chuimsítear coimircí leis maidir le neamhspleáchas eagarthóireachta. Anuas air sin, fágann na leasuithe substaintiúla a dhéanfar ar an Acht maidir leis an bpróiseas athbhreithnithe go bhfuil fonn ann athrú a dhéanamh ón *status quo*.

Maoiniú de réir boilsciú

Faoin gcur chuige sin, go simplí dhéanfaí maoiniú a mhéadú i gcomhréir le boilsciú gach bliain. Tá buntáistí suntasacha aige sin ó thaobh simplíochta agus intuarthachta de. Baineann roinnt stát Eorpach leas as cuir chuige atá nasctha le boilsciú, go teoiriciúil ar a laghad ar bith.

Ach:

- Ní fhágann cur chuige den sórt sin aon fhéidearthacht maidir le maoiniú MSP a leathnú (seachas má chuireann an rialtas in aghaidh mholadh an Choimisiúin). Nuair a fhéachtar ar an stair a bhain le méaduithe suntasacha maoinithe ó am go chéile do MSP Éireannach go háirithe, ní dóigh go bhfuil sé cuí bac a chur ar mhéaduithe sa todhchaí trí dhearadh an phróisis
- Ní chuirtear an fhéidearthacht maidir le héifeachtúlachtaí san áireamh sa chur chuige seo. Is ar an gcúis sin nó cuid de ar a laghad, a chuir tíortha eile a bhain leas as cur chuige nasctha le boilsciú (trí ghníomh rialtais) méaduithe ar sos, go bunúsach chun ceanglas éifeachtúlachta a chur leis
- Ní fhágann sé sin aon spás le haghaidh fachtóirí eile a cheanglaítear a chur san áireamh leis an Acht, cosúil leis an gconair ghlancaiteachais

¹³ Is é sin, an bhfuil airgead á chaitheamh ar na haschuir chearta, i gcodarsnacht le héifeachtúlacht bhisiúil (an bhfuil na haschuir sin á gcur ar fáil ar chostas íseal)?



Maoiniú de réir boilsciú lúide éifeachtúlachtaí leis an bhféidearthacht maidir le hardú

Chun an laige a bhaineann le cur chuige atá nasctha le boilsciú go hiomlán a chur san áireamh, rogha mhalartach is ea athruithe iomlána ar mhaoiniú a leabú i mboilsciú ach coigeartú a dhéanamh maidir le dhá ghné:

- Éifeachtúlachtaí leanúnacha
- An fhéidearthacht le haghaidh maoiniú breise in aghaidh cás iomchuí go ndéanfaí luach poiblí ar cóimhéid a sheachadadh leis an ngné bhreise seo

Tugann an cur chuige seo maoiniú atá sách intuairthe chun an soláthar *status quo* a choimeád ar bun (cé go mbeifí ag súil le héifeachtúlachtaí leanúnacha) agus fágfar oscailte an fhéidearthacht chun maoiniú a leathnú. Chomh maith leis sin, dírionn sé an anailís níos mionsonraithe ar aon iarrataí ar mhaoiniú breise.

Is iad seo a leanas míbhuntáistí an chuir chuige seo:

- Níl aon spás ann le haghaidh laghdú ábhartha ar mhaoiniú MSP. Mar sin féin, táimid den tuairim go bhfuil cinneadh den sórt sin lasmuigh de ghnáthchúrsa an bhreithmheasa 3 bliana. D'fhéadfadh sé tarlú go n-aithneofaí le hathbhreithniú ollmhór ar éifeachtúlacht coigiltis chostais a d'fhéadfadh a bheith ollmhór (agus d'fhéadfadh sé sin ansin a bheith ina bhonn eolais do mhodheolaíocht sa todhchaí), ach níl dóthain ama sa bhreithmheas 3 bliana le haghaidh athbhreithniú den sórt sin
- Leabaítear leis freisin breithiúnas sa mheasúnú ar iarrataí ar mhaoiniú breise

Níl a mhacasamhail dhíreach san Eoraip le haghaidh cur chuige den sórt sin, cé go bhfuil sé cóngarach don chur chuige atá nasctha le boilsciú a úsáidtear i roinnt mhaith tíortha, agus an socrú idirbheartaithe maidir le cistí méadaithe le haghaidh gníomhaíochtaí méadaithe sonracha a úsáidtear i dtíortha eile.

Tagarmharcáil

Cur chuige eile a d'fhéadfaí a úsáid chun leibhéil mhaoinithe a shocrú is ea tagarmharcáil, MSP amháin in aghaidh cinn eile nó in aghaidh comparadóirí idirnáisiúnta. Mar sin féin, feicimid roinnt dúshlán leis an gcur chuige sin:

- D'fhéadfadh an rogha maidir le comparadóir agus méadracht araon (maoiniú iomlán, maoiniú *per capita*, etc.) a bheith cineál éagórach, agus d'fhéadfadh torthaí atá fíoréagsúil go deo leanúint as
- Ní heol dúinn aon mhargadh Eorpach a d'úsáid tagarmharcáil mar thiománaí díreach ar leibhéil mhaoinithe, cé gur úsáideadh iad uaireanta mar fhachtóirí comhthéacsúla
- Ní féidir linn teacht ar aon tacaíocht san Acht do chur chuige den sórt sin
- Má úsáidtear tagarmharc idirnáisiúnta, géilleann sé go bunúsach smacht ar mhaoiniú MSP na hÉireann do phróiseas thar sáile

Conclúid

Bunaithe ar an machnamh a rinneamar ar na roghanna seo, go sealadach, breithnímid maoiniú bunaithe ar 'bhoilsciú lúide éifeachtúlachtaí leis an bhféidearthacht maidir le hardú' a bheith ar an gceann is mó a oireann.



Ceist 3: An bhfuil cuir chuige mhaoinithe eile ann ba cheart dúinn a bhreithniú atá difriúil ar bhonn ábhartha leo sin a ndearnadh anailís orthu cheana féin?

Ceist 4: An aontaíonn tú lenár measúnú ar bhuntáistí agus míbhuntáistí na gcur chuige maoinithe?

Ceist 5: An aontaíonn tú lenár gconclúid shealadach gurb é 'boilsciú lúide éifeachtúlachtaí leis an bhféidearthacht maidir le hardú' an cur chuige is fearr atá ar fáil? Cén fáth? Mura n-aontaíonn, cén cur chuige dar leat is fearr a chomhlíonfadh ceanglais an Achta agus comhthéacs an mhargaidh?



An cur chuige maoinithe atá beartaithe agus gealltanais feidhmíochta

Tugtar mionsonraí sa Dréacht-Ráiteas ar chur chun feidhme beartaithe an chuir chuige ‘boilsciú lúide éifeachtúlachtaí leis an bhféidearthacht maidir le hardú’. Tugaimid tuairisc ardleibhéil anseo ar an gcur chuige, agus tugaimid míniú ar na roghanna dearaidh ábhartha.

Catagóirí maoinithe

Breithníodh ceithre chatagóir maoinithe inár gcur chuige, mar atá thíos. Feicimid go bhfuil trí cinn acu sin taobh istigh den raon feidhme le haghaidh mhodheolaíocht an bhreithmheasa 3 bliana:

	Catagóir	Cur síos	Tionscnóirí / Samplaí	
1	Maoiniú gnó mar is gnách	Cáilíocht na tairisceana atá ann cheana a choinneáil ar bun, cé go bhféadfadh an meascán seánra etc. a bheith éagsúil le himeacht ama	- Boilsciú ginearálta - Athrú ar ioncam tráchtála - Tairbhe na n-éifeachtúlachtaí	Sa raon feidhme don bhreithmheas 3 bliana
2	Maoiniú aonuaire	Teoranta ó thaobh ama, maoiniú iniompaith le haghaidh cuspóir sonrach	- Caiteachas caipitiúil eisceachtúil - Feabhsúchán an chlár comhardaithe - Tástáil seirbhíse nua	
3a	Maoiniú méadaithe	Maoiniú breise leanúnach chun an tairiscint a fheabhsú laistigh den raon feidhme reatha	Don rogha leathnaithe drámaí ar dtús, b'fhéidir	
3b	Maoiniú leathnúcháin	Leathnú ábhartha ar an raon feidhme nach féidir a mhaoiniú trí chaiteachas a ath-implonú, agus a bhfuil a phróiseas ceadaíthe féin ag baint leis (e.g. Measúnacht ar luach poiblí/Measúnacht tionchair rannaigh)	- Cúla4 - Nuacht TG4	

Léiríonn **maoiniú gnó mar is gnách (BAU)** bonnleibhéal maoinithe, ar leor é chun an tairiscint MSP reatha a choinneáil ag imeacht. Tugtar coimirce thábhachtach leis, agus tugtar cosaint don tairiscint agus don neamhspleáchas eagarthóireachta araon. Tá sé i gceist againn é a ríomh ag úsáid foirmle atá bunaithe ar ‘bhoilsciú lúide éifeachtúlachtaí’, nó HICP-X.¹⁴ (Pléitear leibhéal X, an fachtóir

¹⁴ Arb é HICP an méadrach boilscithe ábhartha, arna thuar ag an Roinn Airgeadais



éifeachtúlachta, sa chéad chaibidil eile). Leagtar amach freisin sa Dréacht-Ráiteas coigeartú chun an éagsúlacht in ioncam tráchtála MSP a chur san áireamh.

Tá sé sách simplí maoiniú BAU a chinneadh, agus ní hualach é do na MSPanna ná don Choimisiún. Anuas air sin, caitear le tacaíocht don leibhéal soláthair MSP reatha sa Dréacht-Ráiteas¹⁵ mar ‘chinneadh atá déanta’ – is é sin, ní cinneadh é a rachfar siar air ag gach breithmheas 3 bliana, mura mbeidh cúinsí eisceachtúla ann (cosúil le hathbhreithniú éifeachtúlachta ar leithligh lena cinneadh go bhféadfadh MSP costais a laghdú go hábhartha gan an luach a seachadadh a chailleadh, nó cinneadh beartais de chuid an rialtais chun maoiniú a laghdú).

Iarrtar sa Dréacht-Ráiteas ar an MSP sraith gealltanais feidhmíochta a bhaineann le maoiniú BAU a sholáthar. Mura ndéanann an MSP iarratas ar mhaoiniú breise nó mura bhfaigheann sé maoiniú breise, is iad na gealltanais feidhmíochta sin (faoi réir athbhreithniú an Choimisiúin) na gealltanais a bheidh ann do na chéad trí bliana eile.

Má mhothaíonn MSPanna go bhfuil cás láidir acu le haghaidh maoiniú breise os cionn an leibhéil BAU, féadfaidh siad dá rogha féin iarratas a dhéanamh ar chistí in dhá chatagóir eile.

Is éard atá i gceist le **maoiniú aonuaire** maoiniú faoi theorainn ama chun críche ar leith, amhail tionscadal caipitil suntasach, deisiú cláir chomhardaithe agus a leithéidí. Leis an gcuspóir sin, níor cheart aon ghaibhniú ná éifeachtaí dearlaice a chruthú a d’fhágfadh go dtiocfadh sé chun bheith ina ghealltanais leanúnach *de facto*. Ní mór dó freisin léiriú a thabhairt ar chaiteachas nach bhféadfaí a mhaoiniú go réasúnta trí mhodhanna eile (mar shampla, d’fhéadfaí athfhorbairt láithreáin bhrabúsaigh a mhaoiniú ar bhealach níos fearr trí fhiachas).

Tacaíonn **maoiniú méadaithe** le feabhsú ábhartha agus leanúnach ar na tairiscintí seirbhíse atá ann cheana, i gcás nach bhfuil sé praiticiúil go maoineodh MSP an feabhsú sin trí acmhainní a atreorú ó ghníomhaíochtaí eile. D’fhéadfadh sé (ar dtús) go n-úsáidfí maoiniú méadaithe le haghaidh uaireanta méadaithe de dhrámaíocht Éireannach, mar shampla. Mar gheall ar na saincheisteanna cuasaibhlianachta a pléadh thuas,¹⁶ léiríonn maoiniú méadaithe gealltanais ábhartha, agus dá thoradh sin tá an dualgas cruthúnais is airde ag gabháil leis laistigh den bhreithmheas 3 bliana.

Sa cheathrú catagóir tá **maoiniú leathnúcháin**. Baineann sé sin le seirbhísí nua atá faoi réir cheadú Alt 103, nó maoiniú breise eile arna cheadú ag próiseas éigin eile seachas an breithmheas 3 bliana. Tá maoiniú leathnúcháin den sórt sin lasmuigh de phróiseas an bhreithmheasa 3 bliana, cé go gcaithfeadh breithmheasanna 3 bliana amach anseo aon chinntí den sórt sin a rinneadh roimhe seo a chur san áireamh.

Measúnú a dhéanamh ar an gcás le haghaidh maoiniú méadaithe agus maoiniú aonuaire

Dhéantaí measúnú roimhe seo ar an gcás le haghaidh maoiniú breise bunaithe ar úsáidí beartaithe sonracha (bhíodh roinnt mhaith díobh ann go minic) an mhaoinithe. Mar sin féin, mar a tugadh ar aird, ní thugann úsáid láithreach an mhaoinithe ach léargas teoranta ar na fiúntais atá le maoiniú méadaithe, ag glacadh leis go mbaineann an oiread sin de luach an mhéadaithe ar mhaoiniú le níos faide ar aghaidh

¹⁵ Chun sonraí a fháil ar thacaíocht an phobail agus rannpháirtíocht le MSP na hÉireann, féach <https://www.cnam.ie/ga/maidir-le/taighde/taighde-criochnaithe/#mean>

¹⁶ Féach An éifeacht de réir a chéile a bhíonn ag maoiniú MSP agus ‘cuasaibhlianachtaí’



sa todhchaí. Tá measúnú úsáid de réir úsáide anróiteach freisin don MSP agus don Choimisiún araon. Ar deireadh, d'fhéadfadh sé le cur chuige den sórt sin go mbeifí ag brú isteach ar chúrsaí eagarthóireachta nó oibríochtúla ar cheart don MSP a bheith freagrach astu.

Molaimid dá bhrí sin gealltanais feidhmíochta feabhsaithe mar an príomh-mhéadrach faoina ndéanfaimid an cas le haghaidh maoiniú feabhsaithe a bhreithniú. Is é sin, i gcás ina n-iarrfaí ar MSPanna, le linn dóibh iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú méadaithe, an t-ardú ar ghealltanais feidhmíochta a chur ar aghaidh, ar ardú é a chreideann siad a tharlódh leis an maoiniú. (Bheadh an t-ardú sin in aghaidh an tacaí bhunúsaigh gealltanais feidhmíochta a sholáthraíonn an MSP a bhaineann le maoiniú BAU).

Aithnímid go bhféadfadh an ceangal idir maoiniú agus gealltanais feidhmíochta a bheith dúshlánach do MSPanna chun meastachán a thabhairt air ó thaobh cruinnis de, ag an tús go háirithe. Mar sin féin, is iad na gealltanais feidhmíochta an uirlis chriticiúil atá ag an gCoimisiún chun feidhmíocht na MSPanna a rianú agus ba cheart dóibh luach na MSPanna arna seachadadh a chur in iúl. Ina theannta sin, is féidir le feabhsú na ngealltanais feidhmíochta tionchar níos faide a bheith acu ná úsáid ar leith as cistí. Ar deireadh, fágann cinneadh atá leabaithe i ngealltanais feidhmíochta iomchuí cinntí eagarthóireachta leis an MSP.

I gcás maoiniú aonuaire, ní thugaimid réamhshonrú maidir le cur chuige. D'fhéadfadh sé gur iomchuí é ardú bainteach ar ghealltanais feidhmíochta a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar na fiúntais atá le deontas aonuaire. Mar sin féin, is ann d'ímthosca eile (mar shampla, iarratas ar fheabhsú cláir comhardaithe) nuair nach mbíonn na gealltanais feidhmíochta chomh cabhrach céanna. Dá bhrí sin, is cur chuige *ad hoc* a úsáidfear i leith na catagóire seo d'iarratas ar mhaoiniú. Tugaimid ar aird, áfach, go bhféadfadh cineál na ndéontas aonuaire gur dóigh go mbeidh siad níos saoire le méadú, agus go mbeidh impleachtaí aige sin don leibhéal cosanta a theastóidh.

BAU agus méadú mar chatagóirí maoinithe, ní mar ghníomhaíochtaí maoinithe

Tugaimid ar aird nach gciallaíonn maoiniú BAU maoiniú don tsraith chéanna gníomhaíochtaí faoi mar a bhí i gceist sa tréimhse roimhe sin. Bheadh coinne againn leis go mbeadh MSPanna ag smaoineamh go rialta faoin mbealach is fearr le cistí a chur in úsáid, agus an caiteachas a aistriú ó ghníomhaíochtaí b'fhéidir a bhfuil a luach níos ísle anois go dtí gníomhaíochtaí a bhfuil luach níos airde ag baint leo (nó chuig gníomhaíochtaí *nua* lena mbaineann luach ard).

Dá réir sin, ní hí an ghníomhaíocht nua ar cheart measúnú a dhéanamh uirthi faoi mhaoiniú méadaithe, ach an ghníomhaíocht imeallach – is é sin, an méid a chaillfí murach an maoiniú méadaithe, ag glacadh leis gur baineadh an úsáid ab fhearr as maoiniú BAU.

D'fhágfadh éifeachtaí gaibhnithe gur gá maoiniú nua a thabhairt do ghníomhaíocht nua, ach bheimis ag súil go mbeadh tuairim stuama ag MSPanna maidir leis sin, agus gan díreach talamh slán a dhéanamh de.

An breithiúnas is dual don phróiseas

Le linn don Choimisiún a bheith i mbun machnaimh ar aon iarratas ar mhaoiniú méadaithe, ní mór dó na costais bhreise a mheas in aghaidh an luacha phoiblí incrimintigh arna chur in iúl leis an ardú ar ghealltanais feidhmíochta. Go bunúsach, roghnaíonn an Coimisiún idir maoiniú BAU agus bonn-gealltanais feidhmíochta, nó BAU móide maoiniú méadaithe agus na gealltanais feidhmíochta méadaithe.



Ní cinneadh anailíseach é sin, ach ceist bhreithiúnais eolasach. Ní hé rún an phróisis seo a bheith ann in ionad breithiúnais, rud a chreidimid a bheadh místuama agus míchuí, ach ina ionad sin tacóimid leis an mbreithiúnas eolasach is fearr a dhéanfaidh an Coimisiún.

Ceangal idir gealltanais feidhmíochta agus maoiniú

Seachadtar gealltanais feidhmíochta atá ceangailte leis an moladh maidir le maoiniú go nádúrtha sa Dréacht-Ráiteas, toisc go bhfuil an tsraith gealltanais feidhmíochta a tugadh chun cinn ag brath ar chinneadh maoinithe an Choimisiúin. Mar sin féin, má chuirtear in aghaidh an mholta maoinithe, ansin féadfaidh an maoiniú agus na gealltanais feidhmíochta scaradh óna chéile, toisc go seasfadh na gealltanais feidhmíochta arna gcinneadh ag an gCoimisiún agus a bhaineann leis an maoiniú a ndeachthas ina aghaidh.

Ceist 6: An aontaíonn tú gur catagóirí áisiúla iad maoiniú BAU, maoiniú aonuaire, méadaithe agus leathnúcháin mar bhonn eolais don chinneadh maoinithe?

Ceist 7: An aontaíonn tú le 'HICP-X le coigeartuithe maidir le hioncam tráchtála' mar an sásra iomchuí chun maoiniú BAU a shocrú? Mura n-aontaíonn, cad iad na hathruithe a mholfá?

Ceist 8: An sásra iomchuí iad 'gealltanais feidhmíochta fheabhsaithe le haghaidh maoiniú méadaithe' chun measúnú a dhéanamh ar iarrataí ar mhaoiniú méadaithe? Murab ea, cén cur chuige ab fhearr, agus an t-am atá ar fáil sa phróiseas agus an gá chun neamhspleáchas eagarthóireachta a chosaint á gcur san áireamh?



An fachtóir éifeachtúlachta ‘X’ a leagan síos

Mar a pléadh thuas, molaimid gur cheart maoiniú ‘gnó mar is gnách’ a leagan síos ag úsáid sásra HICP-X, i gcás inar fachtóir éifeachtúlachta é X. Pléimid anseo an leibhéal iomchuí le haghaidh X.

Cuir chuige idirnáisiúnta

Tá éagsúlacht ag baint leis na sásraí mionsonraithe, ach is é ‘boilsciú lúide éifeachtúlachtaí’ an cur chuige éifeachtach a úsáidtear i roinnt tíortha san Eoraip:

- Glacann an KEF, a leagann síos maoiniú do MSP na Gearmáine, tuairim mhionsonraithe maidir le boilsciú, agus cuireann sé boilsceoirí sonracha i bhfeidhm ar chatagóirí difriúla costais (cé go bhfuil sé ag cúlú anois de bheagán ón leibhéal sin mionsonraí). Déanann sé coigeartú ansin i gcomhair éifeachtúlachtaí a chreideann sé gur féidir a bheith ag súil go réasúnta leo¹⁷
- I bhFlóndras, faigheann VRT maoiniú bunaithe ar innéacsú iomlán ar a chostais foirne, ach ní dhéantar ach páirt-innéacsú ar chostais eile, rud lena mbrúitear éifeachtúlacht chun cinn go bunúsach¹⁸
- D’fhág an socrú sa Ríocht Aontaithe don BBC in 2022 gur táille cheadúnais chomhréidh a bhí i bhfeidhm ar feadh dhá bhliain, agus ansin ceadaíodh dó ardú i gcomhréir le boilsciú, in aghaidh ionchais go ndéanadh an BBC coigiltis agus éifeachtúlachtaí. Ba ionann é sin agus boilsciú níos lú ná 2.4% go bliantúil sa tréimhse¹⁹
- Tá cur chuige na Fionlainne cosúil leis sin sa Ríocht Aontaithe, le méadú réamhshocraithe ar bhoilsciú, ach le ‘sosanna’ anseo is ansiúd – blianta nach ndéanfaítear aon mhéadú i gcomhair boilsciú ina leith²⁰

¹⁷ KEF, [24.Bericht](#), Feabhra 2024

¹⁸ 3.7, VRT, [2026–2030 Beheersovereenkomst tussen de Vlaamse Gemeenschap en de Vlaamse Radio- en Televisieomroeporganisatie](#), 14 Deireadh Fómhair 2025

¹⁹ DCMS, [TV licence fee frozen for two years](#), 17 Eanáir 2022

²⁰ Liikenne- ja viestintäministeriö, [Annual index increases to YLE's funding to be frozen for 2025–2027](#), 19 Nollaig 2024



Torthaí maoinithe idirnáisiúnta

Chuireamar san áireamh freisin torthaí maoinithe le haghaidh MSPanna san Eoraip. Taispeántar i bhFíor 1 an leithdháileadh d'athruithe ar mhaoiniú i dtéarmaí réadacha sa tréimhse 2019–24 le haghaidh 40 MSP Eorpach. Is é meath bliantúil 1.1% an t-athrú airmheánach, agus is é meath 0.7% an meán. Chonacthas meath 2% nó níos mó i dtéarmaí réadacha i gcás tríocha faoin gcéad.

Tabhair ar aird nach féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir na figiúirí seo do thorthaí MSP Eorpacha le figiúirí X san fhoirmle atá beartaithe i gcás na hÉireann. Úsáidtear é sin san fhoirmle HICP-X chun méaduithe ar mhaoiniú *BAU* a ríomh – ach chiallóidh aon fhoráil maidir le maoiniú aonuaire nó méadaithe anuas ar mhaoiniú *BAU* go raibh an méadú *iomlán* ar mhaoiniú os cionn HICP-X.

Ciallaíonn sé sin (cuir i gcás) má socraíodh X ag 2%, agus go dtiocfadh meath i dtéarmaí réadacha ar mhaoiniú *BAU* ag 2%, níos géire ná an meán Eorpach de mheath 1.1%, go bhféadfadh maoiniú *iomlán* na hÉireann a bheith níos gaire don mheán sin nó os a chionn.

Fachtóirí maidir le 'X' a shocrú do MSP in Éirinn

Creidimid gur fachtóirí ábhartha iad seo a leanas maidir le X a leagan síos:

- Tá éifeacht chomharthaíochta aige – is léir go bhfuil an Coimisiún ag lorg éifeachtúlachtaí ón MSP, rud a mbeifí ag súil leis i gcodanna eile den earnáil phoiblí
- X atá i gcomhréir leis an gcleachtas Eorpach, is dóigh go gcomhlíonfaidh sé ceanglas an Achta gur leor é an maoiniú chun an neamhspleáchas eagarthóireachta a chosaint
- X atá ró-ard, laghdóidh sé an soláthar MSP le himeacht ama
- Léiríonn sé éifeachtúlachtaí ba cheart a bheith ar fáil do MSP, agus cinntítear leis go mbaineann cáiniocóirí tairbhe astu sin


Mar sin féin, ní mór a bheith san airdeall maidir leis an gceann deiridh. Ní dhearnamar athbhreithniú éifeachtúlachta ar na MSPanna (tasc ollmhór a bheadh ansin, a bheadh lasmuigh de raon feidhme an bhreithmheasa 3 bliana²²). Beidh na héifeachtúlachtaí féideartha a bheidh ar fáil ag brath ar raon fachtóirí an-mhór, lena n-áirítear cé chomh géar a ritear eagraíocht faoi láthair; forbairtí teicniúla reatha nó atá ar na bacáin lena bhféadfaí coigiltis a chur ar bun; an meascán costas a bhíonn ag eagraíocht; an leibhéal gaibhnithe ina chostais; agus mar sin de.

Ní féidir dá bhrí sin le cinneadh X a bheith mar bhonn le hanailís ar éifeachtúlachtaí amach anseo – is breithiúnas ardleibhéil é ina ionad sin. D'fhéadfadh sé athrú freisin go fadtéarmach. Mar shampla,

²¹ Anailís de chuid Communications Chambers ar thuarascálacha bliantúla MSPanna. D'fhágamar amach as ár sampla MSPanna inar tugadh le fios go raibh cur isteach míchuí ar mhaoiniú ó pholaiteoirí

²² Cé go bhféadfadh athbhreithniú ar bith den sórt sin sa todhchaí a bheith ina ionchur tábhachtach do bhreithmheas 3 bliana amach anseo

Fíor 1: MSPanna Eorpacha a fuair méaduithe difriúla ar mhaoiniú bliantúlaithe, 2019–24²¹



socraíodh an sprioc éifeachtúlachta is déanaí de chuid an BBC (le haghaidh 2018–22) ag 1.5% in aghaidh na bliana,²³ ag leanúint ó sprioc 3% agus thart ar 2% i dtréimhsí roimhe sin.

Ar deireadh, tá neamhshiméadracht i gcinneadh 'X' freisin. Má mheasann an Coimisiún gur shocraigh sé X ró-ard (rud lena gcuirtear bac ar mhaoiniú MSP), is féidir leis é sin a mhaolú trí chur chuige níos flaithiúla a ghlacadh maidir le hiarrataí ar mhaoiniú méadaithe MSP sa chéad timthriall eile. Os a choinne sin, má bhíonn an X ró-íseal (rud a fhágann go bhfuil sé rófhlaithiúil do MSPanna), is deacra arís é sin a leigheas.

Conclúid

De thoradh na fianaise agus na hanailíse thuas, ba é réamhchonclúid an Choimisiúin gurb é 2% an fachtóir éifeachtúlachta iomchuí don tréimhse 2028–2030.

Ceist 9: An bhfuil fianaise eile ann atá ábhartha maidir le X a shocrú nár smaoiníomar uirthi go fóill?

Ceist 10: Ar chuireamar na fachtóirí iomchuí san áireamh le linn dúinn X a shocrú?

Ceist 11: An aontaíonn tú lenár réamhchonclúid maidir le X? Cén fáth?

²³ BBC, [A Simpler BBC](#), 10 Deireadh Fómhair 2018



Gealltanais feidhmíochta

Iarrtar san Acht ar an gCoimisiún gealltanais feidhmíochta don MSP a chinneadh. Feicimid ceithre chuspóir ag na gealltanais feidhmíochta. Déanann siad na rudaí seo a leanas:

- An luach a chruthaíonn na MSPanna a chur in iúl (i gcás inar féidir sin a shloinneadh i méadracht chainníochtaithe)
- Foráil a dhéanamh maidir le measúnú ar na tairbhí a bhaineann le maoiniú breise (mar a pléadh thuas)
- Gníomhú mar uirlis spreagthach do MSPanna agus dá gcuid foirne
- Athbheithniú cúlghabhálach ar fheidhmíocht MSP a cheadú in aghaidh ionchas

Chun tacú leis na cuspóirí sin, creidimid gur cheart do an gealltanais feidhmíochta a bheith:

- Dírithe ar thorthaí nó ar aschuir seachas ar ionchuir cibé uair is féidir
- Dírithe ar bhearta 'macra' agus/nó ar athruithe straitéiseacha
- Teoranta ina líon
- A mhéid is indéanta, a bheith cobhsaí le himeacht aimsire (ó thaobh foirmlithe de, cé nach amhlaidh b'fhéidir ó thaobh leibhéil de)
- Dúshlánach ach indéanta
- Dearbh, seachas iomaíoch
- Ag gníomhú mar 'spotsolas' de réir mar is gá
- S.M.A.R.T (sonrach, intomhaiste, indéanta, ábhartha agus faoi cheangal ama)
- Deartha ionas nach gcuirfidh siad isteach ar an neamhspleáchas eagarthóireachta

Pléitear na critéir sin ar bhealach níos mionsonraithe sa Dréacht-Ráiteas.

Geist 12: An aontaíonn tú le cuspóirí na ngealltanais feidhmíochta?

Geist 13: An aontaíonn tú lenár gcritéir le haghaidh na ngealltanais feidhmíochta? Mura n-aontaíonn, conas a leasófá iad agus cén fáth?



Cúrsaí sonracha sa Dréacht-Ráiteas

Déantar cur síos mionsonraithe sa Dréacht-Ráiteas ar conas atá sé i gceist againn an breithmheas 3 bliana a dhéanamh. Nuair a fhéachaimid air go hábhartha níl sa Dréacht-Ráiteas ach cur chun feidhme na bpointí prionsabail a pléadh sa doiciméad seo. Tá fonn orainn mar sin féin tuairimí a lorg faoi cibé a chuirtear na prionsabail sin chun feidhme ar an mbealach is fearr sa Dréacht-Ráiteas.

Aithnímid go bhféadfadh páirtithe leasmhara easaontú le ceann amháin nó níos mó de na prionsabail ar a bhfuil an Dréacht-Ráiteas bunaithe. Más amhlaidh atá an cás, is leor tuairim a thabhairt in aghaidh an phrionsabail ábhartha mar a pléadh thuas, gan call tuairim a thabhairt ar chur chun feidhme an phrionsabail sin sa Dréacht-Ráiteas.

Ceist 14: An bhfuil an cur chuige mionsonraithe sa Dréacht-Ráiteas comhsheasmhach leis na prionsabail sa doiciméad seo? Mura bhfuil, cá bhfeiceann tú samplaí den neamhréir sin?

Ceist 15: An bhfuil aon tuairim eile agat maidir leis na sonraí atá leagtha amach sa Dréacht-Ráiteas?



Úsáid faisnéise

Sonraí pearsanta

Comhlíonfaidh an Coimisiún a oibleagáidí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (“RGCS”), faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 agus faoi aon dlíthe agus rialacháin eile is infheidhme maidir le príobháideacht sonraí. Tá oibleagáid ar an gCoimisiún agus tá sé tiomanta na sonraí pearsanta ar fad a chuirtear isteach a chosaint. Cheap an Coimisiún Oifigeach Cosanta Sonraí atá cláraithe leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Is féidir le freagróirí tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi a bpróiseálann an Coimisiún faisnéis phearsanta i mbeartas foilsithe an Choimisiúin [anseo](#).

Don phróiseas seo, baileoidh an Coimisiún an t-ainm, an seoladh ríomhphoist agus aon fhaisnéis phearsanta eile a áirítear sna freagraí a fhaightear. Cuirfear ainm an fhreagróra ar an gcomhairliúchán agus an freagra a sholáthrófar ar fáil go poiblí. Ní chuirfidh an Coimisiún sonraí teagmhála na bhfreagróirí ar fáil go poiblí, amhail seoladh, uimhir theileafóin nó ríomhphost.

Ní bhainfear úsáid as an bhfaisnéis a bhaileofar ach chun críocha an chomhairliúcháin seo agus ní chun críche ar bith eile. Marcáil go soiléir aon fhaisnéis a mheastar a bheith faoi rún i do fhreagra.

Faisnéis rúnda

Tá sé i gceist ag an gCoimisiún aighneachtaí a fhaightear mar fhreagra ar an gcomhairliúchán a fhoilsiú. Tabhair do fhreagra mar dhoiciméad neamhrúnda, agus faisnéis rúnda in iarscríbhinn ar leith, nó cuir leagan neamhrúnda folaithe isteach in éineacht le do fhreagra. Déileálfaidh an Coimisiún le faisnéis rúnda i gcomhréir lena [Threoirlínte Comhairliúcháin](#) a foilsíodh ar an 28 Meitheamh 2023.

Saoráil faisnéise

Tá faisnéis atá i seilbh an Choimisiúin faoi réir a oibleagáidí faoin dlí, lena n-áirítear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leat faoi fhaisnéis a mharcálann tú mar a bheith rúnda sula ndéanfaidh sé cinneadh faoi aon iarraidh ar Shaoráil Faisnéise a fhaightear.



Iarscríbhinn 1 – Achoimre ar na ceisteanna comhairliúcháin

Leathanach

Ceist 1: An aontaíonn tú gur leor é an tacar saintréithe sin le haghaidh breithmheas 3 bliana atá dea-dheartha?	10
Ceist 2: An gcreideann tú gur ann do phróisis chun maoiniú MSP iomchuí atá in úsáid i dtíortha eile a chinneadh, ar próisis iad a bheadh mar shamhail ábhartha d'Éirinn, i bhfianaise chomhthéacs reachtúil agus margaidh na hÉireann?	13
Ceist 3: An bhfuil cuir chuige mhaoinithe eile ann ba cheart dúinn a bhreithniú atá difriúil ar bhonn ábhartha leo sin a ndearnadh anailís orthu cheana féin?	19
Ceist 4: An aontaíonn tú lenár measúnú ar bhuntáistí agus míbhuntáistí na gcur chuige maoinithe?	19
Ceist 5: An aontaíonn tú lenár gconclúid shealadach gurb é 'boilsciú lúide éifeachtúlachtaí leis an bhféidearthacht maidir le hardú' an cur chuige is fearr atá ar fáil? Cén fáth? Mura n-aontaíonn, cén cur chuige dar leat is fearr a chomhlíonfadh ceanglais an Ahta agus comhthéacs an mhargaidh?	19
Ceist 6: An aontaíonn tú gur catagóirí áisiúla iad maoiniú BAU, maoiniú aonuaire, méadaithe agus leathnúcháin mar bhonn eolais don chinneadh maoinithe?	23
Ceist 7: An aontaíonn tú le 'HICP-X le coigeartuithe maidir le hioncam tráchtála' mar an sásra iomchuí chun maoiniú BAU a shocrú? Mura n-aontaíonn, cad iad na hathruithe a mholfá?	23
Ceist 8: An sásra iomchuí iad 'gealltanais feidhmíochta fheabhsaithe le haghaidh maoiniú méadaithe' chun measúnú a dhéanamh ar iarrataí ar mhaoiniú méadaithe? Murab ea, cén cur chuige ab fhearr, agus an t-am atá ar fáil sa phróiseas agus an gá chun neamhspleáchas eagarthóireachta a chosaint á gcur san áireamh?	23
Ceist 9: An bhfuil fianaise eile ann atá ábhartha maidir le X a shocrú nár smaoiníomar uirthi go fóill? ..	26
Ceist 10: Ar chuireamar na fachtóirí iomchuí san áireamh le linn dúinn X a shocrú?	26
Ceist 11: An aontaíonn tú lenár réamhchonclúid maidir le X? Cén fáth?	26
Ceist 12: An aontaíonn tú le cuspóirí na ngealltanais feidhmíochta?	27
Ceist 13: An aontaíonn tú lenár gcritéir le haghaidh na ngealltanais feidhmíochta? Mura n-aontaíonn, conas a leasófa iad agus cén fáth?	27
Ceist 14: An bhfuil an cur chuige mionsonraithe sa Dréacht-Ráiteas comhsheasmhach leis na prionsabail sa doiciméad seo? Mura bhfuil, cá bhfeiceann tú samplaí den neamhréir sin?	28
Ceist 15: An bhfuil aon tuairim eile agat maidir leis na sonraí atá leagtha amach sa Dréacht-Ráiteas? ..	28



Iarscríbhinn 2 – Téacs roghnaithe ón mBille

Cuirtear an teanga seo a leanas isteach san Acht le hAlt 44 den Bhillé²⁴:

Próiseas an bhreithmheasa trí bliana le haghaidh maoiniú agus feidhmíochta

112A. (1) Gach trí bliana déanfaidh an Coimisiún, maidir le gach ceann de na corparáidí—

(a) breithmheas ar mhaoiniú agus ar fheidhmíocht na corparáide, agus

(b) cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid an Aire ar bhonn an bhreithmheasa.

(2) Beidh an próiseas maidir le breithmheas a dhéanamh agus tuarascálacha a chur isteach faoi fho-alt (1) maidir le corparáid mar seo a leanas:

(a) rachaidh an Coimisiún, i gcomhréir le halt 112B (2), i gcomhairle ar dhréacht-ráiteas maidir le nós imeachta agus modheolaíocht le haghaidh an bhreithmheasa;

(b) tráth nach déanaí ná cúig mhí roimh an dáta a seolfar isteach an tuarascáil, cuirfidh an Coimisiún bailchríoch ar an ráiteas maidir le nós imeachta agus modheolaíocht agus glacfaidh sé leis an ráiteas sin;

(c) tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis an ráiteas maidir le nós imeachta agus modheolaíocht a ghlacadh, cuirfidh an chorparáid aighneacht chuig an gCoimisiún i gcomhréir le halt 112C;

(d) déanfaidh an Coimisiún an breithmheas i gcomhréir le halt 112D;

(e) ullmhóidh an Coimisiún, i gcomhréir le halt 112E, an tuarascáil agus cuirfidh sé faoi bhráid an Aire í faoin dáta lena cur isteach.

(3) Tar éis tuarascáil a chur isteach faoi fho-alt (1)(b) chuig an Aire—

(a) cuirfidh an tAire an tuarascáil faoi bhráid an Rialtais, agus

(b) foilseoidh an Rialtas freagra ar an tuarascáil.

(4) Is é an dáta chun tuarascáil a chur isteach faoi fho-alt (1)(b) ná:

(a) an chéad tuarascáil maidir le gach corparáid, an 30 Meitheamh 2027;

(b) gach tuarascáil ina dhiaidh sin, ar chothrom trí bliana ón dáta ar cuireadh an tuarascáil roimhe sin isteach.

(5) In ailt 112B go 112F—

ciallaíonn ‘breithmheas trí bliana’ breithmheas faoi fho-alt (1)(a);

²⁴ An Bille Craolacháin (Leasú), 2026 (mar a tionscnaíodh)



ciallaíonn ‘bliain an bhreithmheasa’, i dtaca leis an mbreithmheas trí bliana nó an tuarascáil faoi fho-alt (1)(b) bunaithe ar an mbreithmheas, aon cheann de na chéad trí bliana airgeadais ag tosú tar éis an dáta a gcuirtear isteach an tuarascáil.

Nós imeachta agus modheolaíocht don bhreithmheas trí bliana

112B. (1) Áireofar sa ráiteas maidir le nós imeachta agus modheolaíocht dá dtagraítear in alt 112A(2)(b) le haghaidh breithmheas trí bliana maidir le corparáid an nós imeachta agus modheolaíocht chun—

(a) na costais ionchuir agus struchtúr costais na corparáide a shainaithint agus an leibhéal caiteachais reatha agus caiteachas caipitiúil na corparáide chun freastal ar na costais sin, ar mhaithe le—

(i) lena cuspóirí seirbhíse poiblí, agus

(ii) an cuspóir maidir le deiseanna tráchtála a shaothrú,

(b) an leibhéal acmhainní a shainaithint, seachas maoiniú faoi alt 123, atá ar fáil don chorparáid, agus a shainaithint chun na críche sin—

(i) sócmhainní agus dliteanais na corparáide, agus

(ii) ioncam na corparáide ó ghníomhaíochtaí tráchtála arna ndéanamh in iarracht an cuspóir maidir le deiseanna tráchtála a shaothrú,

(c) réamh-mheastachán a thabhairt maidir leis na hathruithe ar chostais, struchtúr na gcostas, caiteachas agus leibhéal na n-acmhainní dá dtagraítear i míreanna (a) agus (b),

(d) leibhéal mhaoinithe reatha na corparáide faoi alt 123 a chur san áireamh,

(e) na gealltanais feidhmíochta a chinneadh chomh maith le haschuir bheartaithe na corparáide agus na táscairí agus na méadrachtaí feidhmíochta a chuirfear i bhfeidhm maidir leo,

(f) costais ghaolmhara, struchtúr na gcostas agus caiteachas ar ghealltanais feidhmíochta agus aschuir bheartaithe, agus

(g) aon chéimeanna eile a ghlacadh a mheasann an Coimisiún Cinnteoireachta is gá chun críocha an bhreithmheasa.

(2) Sula nglacfar ráiteas maidir le nós imeachta agus modheolaíocht le haghaidh breithmheas trí bliana, déanfaidh an Coimisiún na nithe seo a leanas—

(a) ullmhóidh sé dréacht den ráiteas agus seolfaidh sé cóipeanna chucu seo a leanas—

(i) an chorparáid,

(ii) an tAire, agus

(iii) an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus



(b) foilseoidh sé an dréacht ar shuíomh gréasáin arna choinneáil ag an gCoimisiún, ina mbeidh sonraí maidir leis an bpróiseas chun aighneachtaí a dhéanamh maidir leis chuig an gCoimisiún agus an tréimhse ina bhféadfar na haighneachtaí a dhéanamh.

(3) Ní bheidh an tréimhse dá dtagraítear i mír (b) d'fho-alt (2) nach faide ná ceithre seachtaine ag tosú leis an gcéad lá ar a bhfoilsítear an dréacht i gcomhréir leis an mhír sin.

(4) Beidh aird ag an gCoimisiún, le linn dó bailchríoch a chur ar ráiteas maidir le nós imeachta agus modheolaíocht le haghaidh breithmheas trí bliana, ar aon aighneachtaí a rinneadh le linn na tréimhse dá dtagraítear i mír (b) d'fho-alt (2).

(5) Ar ghlacadh dó le ráiteas nós imeachta agus modheolaíochta le haghaidh breithmheas 3 bliana, soláthróidh an Coimisiún cóip den ráiteas don Aire.

(6) Cuirfidh an tAire faoi deara, a luaithe is féidir, cóipeanna den ráiteas a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Aighneacht arna déanamh ag corparáid ar bhreithmheas trí bliana

112C. (1) I gcás aighneacht a dhéanfaidh corparáid faoi alt 112A(2)(c) comhlíonfaidh sí an ráiteas maidir le nós imeachta agus modheolaíocht don bhreithmheas 3 bliana lena mbaineann, agus beidh sí i bhfoirm agus i slí a shonróidh an Coimisiún.

(2) Leagfar amach san aighneacht—

(a) tograí na corparáide le haghaidh ghealltanais feidhmíochta agus aschuir bheartaithe na corparáide do na blianta breithmheasa agus na táscairí feidhmíochta agus na méadrachtaí atá le cur i bhfeidhm maidir leo,

(b) réamh-mheastachán na corparáide ar a costais ionchuir agus ar struchtúr na gcostas, agus ar a caiteachas reatha agus ar a caiteachas caipitiúil chun na costais sin a chomhlíonadh, le haghaidh gach ceann de na blianta breithmheasa, agus ar an ngaol atá acu le gealltanais feidhmíochta agus aschuir bheartaithe na corparáide a bheartaítear faoi mhír (a),

(c) acmhainní na corparáide atá réamh-mheasta ag an gcorparáid le haghaidh gach ceann de na blianta breithmheasa, seachas an maoiniú faoi alt 123 sna blianta sin, agus

(d) aon fhaisnéis eile a cheanglaítear leis an ráiteas maidir le nós imeachta agus modheolaíocht nó a cheanglaíonn an Coimisiún le fógra i scríbhinn chuig an gcorparáid.

Raon feidhme an bhreithmheasa trí bliana

112D. (1) I mbreithmheas trí bliana, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas—

(a) déanfaidh sé measúnú ar leibhéal an chaiteachais reatha agus ar leibhéal an chaiteachais chaipitiúil de chuid na corparáide lena mbeidh gá i ngach ceann de na blianta breithmheasa—

(i) chun a chumasú don chorparáid a cuspóirí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh, agus



(ii) chun a neamhspleáchas eagarthóireachta a chosaint,

(b) déanfaidh sé measúnú ar an leibhéal acmhainní seachas maoiniú faoi alt 123 a bheidh ar fáil don chorpáid chun na leibhéil chaiteachais dá dtagraítear i mír (a) a chomhlíonadh,

(c) déanfaidh sé measúnú ar an leibhéal maoinithe faoi alt 123 le haghaidh caiteachas reatha, agus ar an leibhéal maoinithe faoi alt 123 le haghaidh caiteachas caipitiúil, lena bhfuil gá chun a chumasú don chorpáid na leibhéil chaiteachais dá dtagraítear i mír (a) a chomhlíonadh,

(d) déanfaidh sé athbhreithniú ar na tograí a dhéanann an chorpáid faoi alt 112C(2)(a) agus ar a haighneacht faoi alt 112C(2)(b) i dtaobh na gcostas, struchtúr na gcostas agus an chaiteachais a bhaineann leis na tograí sin,

(e) cinntídh sé gealltanais feidhmíochta agus aschuir bheartaithe na corparáide do na blianta breithmheasa agus na táscairí feidhmíochta agus na méadrachtaí atá le cur i bhfeidhm maidir leo, ag féachaint dá mheasúnú ar na costais, ar struchtúr na gcostas agus ar an gcaiteachas a bhaineann leis na gealltanais agus leis na haschuir sin, agus

(f) déanfaidh sé cibé measúnuithe eile a bhaineann le maoiniú agus feidhmíocht na corparáide a shonróidh an tAire i scríbhinn chuig an gCoimisiún.

(2) Agus breithmheas trí bliana á dhéanamh cuirfidh an Coimisiún an méid seo a leanas san áireamh—

(a) an chonair ghlancaiteachais a mholann an Chomhairle Eorpach faoi Airteagal 17(1) de Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle,

(b) cur i bhfeidhm dhlí an Aontais Eorpaigh lena rialaítear stáitchabhair,

(c) aighneacht na corparáide faoi alt 112C,

(d) cibé ábhair eile a shonróidh an tAire le fógra i scríbhinn chuig an gCoimisiún, agus

(e) aon ábhar eile a mheasann an Coimisiún a bheith ábhartha.

Tuarascáil agus moltaí tar éis breithmheas trí bliana

112E. (1) Leis an tuarascáil atá bunaithe ar bhreithmheas trí bliana déanfar an méid seo a leanas—

(a) leagfar amach torthaí an Choimisiúin sa bhreithmheas,

(b) molfar an leibhéal maoinithe faoi alt 123 le haghaidh caiteachas reatha, agus an leibhéal maoinithe faoi alt 123 le haghaidh caiteachas caipitiúil, a mheasann an Coimisiún gur gá i ngach ceann de na blianta breithmheasa—

(i) chun a chumasú don chorpáid a cuspóirí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh, agus



(ii) chun neamhspleáchas eagarthóireachta na corparáide a chosaint,

(c) luafar gealltanais feidhmíochta agus aschuir bheartaithe na corparáide a chinneann an Coimisiún do na blianta breithmheasa, mar aon leis na táscairí feidhmíochta agus na méadrachtaí atá le cur i bhfeidhm maidir leo, agus

(d) tabharfar aghaidh ar cibé ábhair eile a shonróidh an tAire le fógra i scríbhinn chuig an gCoimisiún.

(2) Tar éis tuarascáil an Choimisiúin maidir le breithmheas 3 bliana a chur isteach chuig an Aire—

(a) cuirfidh an tAire an tuarascáil faoi bhráid an Rialtais tráth nach déanaí ná sé seachtaine tar éis chéad dáta na Meastachán i ndiaidh an dáta a cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Aire, agus

(b) foilseoidh an Rialtas freagra ar an tuarascáil.

(3) Cuirfidh an tAire faoi deara, a luaithe is féidir, cóipeanna de thuarascáil arna cur isteach faoi fho-alt (2)(a) agus de fhreagra an Rialtais arna fhoilsiú faoi fho-alt (2)(b) a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Ráiteas straitéise trí bliana ón gcorparáid

112F. (1) Taobh istigh de shé mhí ó dháta cur isteach tuarascála faoi alt 112A(1)(b), ullmhóidh an chorparáid ráiteas straitéise agus cuirfidh sí faoi bhráid an Aire í.

(2) Leagfar amach sa ráiteas straitéis na corparáide maidir le gach ceann dá cuspóirí a chomhlíonadh le linn bhlianta an bhreithmheasa, agus beidh aird ar na nithe seo a leanas—

(a) meastachán na corparáide maidir leis an leibhéal acmhainní, seachas maoiniú faoi alt 123, a bheidh ar fáil don chorparáid,

(b) an leibhéal maoinithe faoi alt 123 a mholtar sa tuarascáil dá dtagraítear i bhfo-alt (1) agus freagra an Rialtais faoi alt 112E(2)(b), agus

(c) gealltanais feidhmíochta agus aschuir bheartaithe na corparáide a luadh sa tuarascáil.

(3) Tabharfar aghaidh sa ráiteas ar aon ní eile de réir mar a ordóidh an Coimisiún.

(4) Beidh aird ag an gcorparáid le linn di an ráiteas a ullmhú ar an ngá atá ann an úsáid is éifeachtaí, is éifeachtúla, agus is mó lena mbaineann luach ar airgead a bhaint as a cuid acmhainní.

(5) Le linn don chorparáid an ráiteas a ullmhú, féadfaidh sí dul i gcomhairle le daoine de réir mar is cuí léi.

(6) Ullmhófar an ráiteas san fhoirm agus sa tslí a shonróidh an Coimisiún.

(7) A luaithe is féidir tar éis don ráiteas a bheith curtha faoi bhráid an Aire, cuirfidh an tAire faoi deara cóip den ráiteas a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.



Iarscríbhinn 3 – Airteagal 5 de chuid EMFA

Airteagal 5

Coimircí le haghaidh feidhmiú neamhspleách soláthraithe meán seirbhíse poiblí

1. Áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh soláthraithe meán seirbhíse poiblí neamhspleách ó thaobh eagarthóireachta agus feidhme de, agus go soláthróidh siad iolrachas faisnéise agus tuairimí dá bpobail meáin ar bhealach neamhchlaonta, i gcomhréir lena sainchúram seirbhíse poiblí mar a shainmhínítear ar an leibhéal náisiúnta i gcomhréir le Prótacal Uimh. 29.

2. Áiríteoidh na Ballstáit gurb é is aidhm do na nósanna imeachta maidir le ceann bainistíochta nó comhaltaí bhord bainistíochta na soláthraithe meán seirbhíse poiblí a cheapadh agus a dhífhostú, neamhspleáchas na soláthraithe meán seirbhíse poiblí a ráthú.

Is ar bhonn nósanna imeachta trédhearcacha, oscailte, éifeachtacha agus neamh-idirdhealaitheacha agus ar bhonn critéir thrédhearcacha oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha agus chomhréireacha a leagfar síos roimh ré ar an leibhéal náisiúnta a cheapfar ceann bainistíochta agus comhaltaí bhord rialaithe na soláthraithe meán seirbhíse poiblí. Beidh fad a dtéarma oifige leordhóthanach le haghaidh neamhspleáchas éifeachtach na soláthraithe meán seirbhíse poiblí.

Cinntí maidir leis an gceann bainistíochta nó comhaltaí bhord bainistíochta na soláthraithe meán seirbhíse poiblí a dhífhostú roimh dheireadh a dtéarma oifige, beidh údar cuí leo, ní fhéadfar iad a dhéanamh ach amháin ar bhonn eisceachtúil i gcás nach gcomhlíonann siad na coinníollacha is gá a thuilleadh chun a ndualgais a chomhlíonadh de réir na gcritéir a leagtar síos roimh ré ar an leibhéal náisiúnta, beidh siad faoi réir fógra a thabhairt roimh ré do na daoine lena mbaineann agus áireofar iontu go bhféadfaí athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh.

3. Áiríteoidh na Ballstáit gur ar chritéir thrédhearcacha agus oibiachtúla a leagfar síos roimh ré a bheidh na nósanna imeachta cistiúcháin le haghaidh na soláthraithe meán seirbhíse poiblí bunaithe. Leis na nósanna imeachta cistiúcháin sin, ráthófar go mbeidh acmhainní airgeadais leordhóthanacha, inbhuanaithe agus intuatha ag na soláthraithe meán seirbhíse poiblí lena gcomhfhreagrófar do chomhlíonadh a sainchúraim seirbhíse poiblí agus dá gcumas forbartha faoi chuimsiú an tsainchúraim sin. Beidh na hacmhainní airgeadais sin amhlaidh chun go gcosnófar neamhspleáchas eagarthóireachta na soláthraithe meán seirbhíse poiblí.

4. Ainmneoidh Ballstáit údarás nó comhlacht neamhspleách amháin nó níos mó nó cuirfidh siad sásraí ar bun a bheidh saor ó thionchar polaitiúil ó rialtais, chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm mhíreanna 1, 2 agus 3. Cuirfear torthaí an faireacháin sin ar fáil don phobal.

